Comhairle Contae Fhine Gall

Fingal County Council

Scéim Deontais Caomhantais do Dhéanmhais Chosanta

Téarmaí agus Coinníollacha

1.0 Réamhrá

Tá an Scéim Deontais Caomhantais á hoibriú ag an údarás áitiúil ar bhonn bliantúil chun cabhrú le húinéirí príobháideacha ar Dhéanmhais Chosanta deisiúcháin chuí a dhéanamh ar chreatlach stairiúil na ndéanmhas seo.

Beidh na hiarratasóirí rathúla faoin scéim á n-iniúchadh agus á scrúdú go géar agus na hoibreacha á ndéanamh acu.

Beidh sé riachtanach dá réir liosta de phrionsabail deisiúcháin a leanúint. Déanfar anailís ar gach cás ar leith ionas gur féidir iad a fheidhmiú chun réitigh shainiúla a chruthú don chás ar leith sin.

Is iad seo a leanas na prionsabail sin, tríd is tríd:

(a) Ní mór go mbeidh sé mar phríomhchuspóir na n-oibreacha próiseas an mheatha a shrianadh gan dochar a dhéanamh do shainghné an fhoirgnimh ná creatlach stairiúil a scriosadh.

(b) Caithfear an idirghabháil trí dheisiú is lú is féidir a bheith ann.

(c) Ba chóir nach ndéanfaí an chreatlach stairiúil a athsholáthar mura bhfuil gá leis.

(d) Beidh sé riachtanach go mbeidh tuiscint fhoirfe ar forbairt stairiúil an fhoirgnimh sula ndéanfar na hoibreacha.

(e) Caithfear anailís chúramach a dhéanamh ar an gcúis atá le fabhtanna.

(f) Ní mór teicnící cruthaithe a úsáid.

(g) Caithfear deisiúcháin a dhéanamh go macánta.

2.0 Déanmhais Incháilithe chun Deontas Caomhantais a fháil

NÍL ACH DÉANMHAIS CHOSANTA, AGUS SIN AMHÁIN, INCHÁILITHE CHUN DEONTAIS A FHÁIL FAOIN SCÉIM.

Coinníonn Comhairle Contae Fhine Gall liosta de na Déanmhais Chosanta atá faoina dlínse. Tugtar an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta ar an liosta seo agus is féidir breathnú air ar shuíomh Gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall (www.fingalcoco.ie).

I gcás go bhfuil déanmhas incháilithe chun Deontas Caomhantais a fháil, ní chiallaíonn sé seo go bhfaighidh sé deontas sa ghnáthchúrsa, toisc go gcaithfidh sé na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha amach thíos a chomhlíonadh agus tá cistiú ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil freisin.

Ba chóir tabhairt faoi deara nach bhfuil Déanmhais Chosanta faoi úinéireacht údaráis phoiblí, i.e Roinn Rialtais, Bord Sláinte, Údarás Áitiúil, Coimisinéir na nOibreacha Poiblí, etc. incháilithe faoin scéim seo. Is féidir, ina ionad sin, cabhair a fháil ó scéim

eile, dar teideal Scéim Deontais Chaomhantais maidir le Déanmhais Chathartha, i ndáil le Déanmhais Chosanta faoi úinéireacht údaráis phoiblí.

3.0 Oibreacha Tipiciúla a mheastar atá incháilithe chun deontas a fháil

- Oibreacha is gá chun déanmhas nó cuid de dhéanmhas a dhéanamh cobhsaí.
- Déanmhais dín a dheisiú.
- Clúdaigh dín a dheisiú nó a athnuachan e.g. slinnte, díon tuí.
- Athnuachan riachtanach ar obair luaidhe dín.
- Gnéithe dín a dheisiú.
- Deisiúchán nó malartú riachtanach ar chórais diúscartha báistí i.e. gáitéir, cinn chrannógacha agus fánphíobán.
- Bealaí sceite agus coraí ar chórais diúscartha báistí a sholáthar, ionas gur féidir a fheiceáil go bhfuil an t-uisce á sceitheadh glan ar an déanmhas, i gcás go mbíonn blocáil ann.
- Bearta chun taise aníos nó taise isteach a chomhrac, de leithéid leibhéal na talún lasmuigh a ísliú nó draein Fhrancach a chur isteach, i gcás go bhfuil dochar á dhéanamh go díreach do chreatlach an déanmhais stairiúil nó dá bhfuil ann. Ní áirítear air seo séaltáin taise ná bearta taisdíonta ionracha a úsáid, áfach, (féach an nóta i Rannán 4.0 thíos ar thaisdíonadh)
- Deisiúchán riachtanach ar bhallaí seachtracha, (lena n-áirítear obair ar an déanmhas, na dromhchlaí, clúdaigh nó cumhdaigh ballaí agus gnéithe maisiúla ar dhromchla na mballaí e.g. rindreálacha a dheisiú nó athphointeáil).
- Gnéithe atá suite sna ballaí a dheisiú, nó a athsholáthar, e.g. painéil, oibreacha iarainn.
- Fuinneoga, doirse agus feanléasacha bunaidh a dheisiú nó a athchóiriú. Ní bhreithneofar nithe a athsholáthar, ach amháin mura féidir iad a dheisiú agus más féidir na hábhair agus sonraí céanna a chur isteach ina n-ionad. Mar shampla i gcás saisfhuinneoga adhmaid, ba chóir go mbeadh próifíl agus tiús na mbarraí glónrúcháin agus aon sonraí cosúil le bonnáin/scoráin comhoiriúnach leis an bhfuinneog stairiúil bhunaidh. Ba chóir gloine stairiúil a choinneáil agus a athúsáid.
- Deisiúchán riachtanach ar ghnéithe seachtracha lasmuigh eile a chuireann le díol spéise an déanmhais nó iad a athsholáthar.
- Ballaí teorann, ráillí, geataí agus piaraí geataí bunaidh a dheisiú
- Oibreacha chun urláir, síleálacha, ballaí agus spiaraí, doirse, cláir urláir, plástar bailchríche gan phatrún nó maisiúil laistigh bunaidh a chuireann le díol spéise ar leith an déanmhais a chaomhnú.

- I gcásanna áirithe féadfaidh deisiúcháin shealadacha a bheith incháilithe i gcás go bhfuil gá le hoibreacha chun déanmhas atá i mbaol faoi láthair a chosaint

4.0 Oibreacha nach measfar a bheith incháilithe chun cistiú a fháil

- Gnáthchothabháil: i.e. oibreacha a mbeifí ag súil go ndéanfadh úinéir stuama ar fhorgneamh iad, mar shampla gáitéir agus fánphíobáin a ghlanadh, gnéithe seachtracha a phéinteáil.

- Feabhsúcháin: i.e. pluiméireacht, sreangú, teas, maisiú, seomraí folctha agus cistineacha a uasghrádú, síntí, athchóiriú.

- Glantachán chun críocha cosmaideacha: Don chuid is mó níl glantachán riachtanach ach amháin chun salachar ar an dromchla a bhaint má tá dochar á dhéanamh do chreatlach an fhoirgnimh dá bharr. Is féidir le glantachán dochar a dhéanamh mura ndéanann sainchonraitheoir é faoi mhaoirseacht chuí.

- Taisdíonadh: I gcás go bhfuil foirgneamh tais, ba chóir an chúis atá leis a aimsiú ar dtús. Ní bheadh foirgneamh i dteideal deontas a fháil chun cúrsa taisdíonach a fháil toisc nach raibh cúrsa taisdíonach ann nuair a tógadh an foirgneamh. Uaireanta is féidir an rud ar a dtugtar taise aníos a chóireáil trí dhraenáil uisce dromchla a fheabhsú nó a dheisiú nó trí na leibhéil talún lasmuigh a athrú. B'fhéidir nach ndéanfaí ach an t-uisce a chur chuig áit éigin eile san fhoirgneamh má chuirtear cúrsaí nó scannáin thaisdíonacha neamhscagacha isteach.

- Oibreacha Athchóirithe: I gcás go bhfuil foirgneamh fothrachúil nó go bhfuil sé tagtha chun a bheith i staid ina bhfuil damáiste suntasach déanta dó mar gheall ar lobhadh, nó faillí, nó i gcás gur athraíodh an foirgneamh go suntasach ionas go bhfuil a shainghné stairiúil creimthe go substaintiúil, don chuid is mó, ní dhéanfar oibreacha chun é a atógáil nó a athchóiriú ionas go mbeidh sé mar a bhíodh sé i dtréimhse ar leith ina stair a bhreithniú le deontas a fháil.

- Tionscadail tráchtála: Ní dhéanfar tionscadail a chistiú i gcás go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil go gcuimseodh an t-úinéir costas na ndeisiúchán mar chuid de phlean gnó.

- Faoiseamh Cánach Alt 482: Oibreacha a bhfuil nó a mbeidh éileamh á dhéanamh ina dtaobh ar fhaoiseamh ó cháin ioncaim nó ó cháin chorparáide faoi Alt 482 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997. Tá foirgnimh atá incháilithe chun an faoiseamh seo a fháil faofa ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil mar fhoirgnimh is díol suntais ó thaobh staire, ailtireachta nó maisiúlachta agus tugtar rochtain réasúnach don phobal ar an bhfoirgneamh (i.e. tá siad ar oscailt don phobal ar a laghad 60 lá in aon bhliain ar leith).

5.0 Méid an Deontais Chaomhantais

Is é méid caighdeánach an deontais ná 50% de na costais fhaofa faoi réir uasmhéid de €13,000, cibé acu is lú. Anuas ar chostas na n-oibreacha caomhantais is féidir costais

eile cosúil le táillí comhairleoirí gairmiúla, agus oibreacha tacaíochta riachtanacha a áireamh lena mbreithniú chun deontas a fháil. Féadfaidh méid an deontais a bheith níos ísle nó, in imthosca fíor-eisceachtúla, níos airde ná an méid caighdeánach. Is é uasmhéid iomlán an deontais ná €25,394 nó 75% de na costais fhaofa, cibé acu is lú.

Tá íosleibhéal deontais ann i gcás nach féidir an costas faofa a bheith níos lú ná €1,900.

6.0 Deontais Eile

Ní mór don iarratasóir a dhearbhú má tá cistiú poiblí eile á sholáthar de leithéid: Deontais ón gComhairle Oidhreachta: Scéim Deontais Chaomhantais maidir le Déanmhais Chathartha de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil: Deontas Tuíodóireachta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil: etc. toisc nach féidir an cistiú ón AE ná ón Státchiste le chéile a bheith níos mó ná 75% de na costais fhaofa.

7.0 Doiciméadú a Éilítear

- Foirm Iarratais
  Ní mór don fhoirm seo a bheith comhlánaithe go soiléir ina hiomláine

- Toiliú i Scríbhinn an Úinéara
  Más é an t-iarratasóir úinéir an Déanmhais Chosanta níl sé seo riachtanach. Ach, murab é an t-iarratasóir an t-úinéir ní mór cead i scríbhinn an úinéara do na hoibreacha beartaithe a sholáthar

- Measatcháin/Luachana
  Ní mór cóipeanna de na costais mheasta do na hoibreacha beartaithe a sholáthar. B'fhéidir nach mbeidh gach costas incháilithe chun deontas a fháil agus mar sin ba chóir go mbeadh an luachan leagtha amach chun miondealú mionsonraithe ar na costais a sholáthar.

- Ráiteas ar Mhodh le haghaidh Oibreacha
  Ba chóir go n-iarrfaí ar an gconraitheoir nó ar an ailtire breac-chuntas i scríbhinn a thabhairt ar conas atá sé i gceist na hoibreacha beartaithe a dhéanamh, ina mionsonraítear an mbeidh an chreatlach stairiúil le deisiú nó le hathsholáthar, an modh deisithe, na hábhair a úsáidfear, etc. In imthosca áirithe b'fhéidir go gcaithfí an chreatlach stairiúil thadhlach a chosaint ó dhamáiste le linn oibreacha caomhantais agus ba chóir eolas ina thaobh a sholáthar freisin

- Grianghraif
  Nuair is féidir ba chóir go mbeadh grianghraif ina léirítear staid reatha na gné a bheidh á deisiú ag gabháil leis an iarratas. Mura féidir teacht ar cheantar go héasca, ba chóir go n-iarrfaí ar an gconraitheoir nó ar an ailtire grianghraif a thógáil náir a bheidh a gcuid iniúchtaí tosaigh á ndéanamh acu chun na hoibreacha a mheas agus a chostáil.

- Cruthúnas ar Chomhlíonadh Ceangaltais Chánach
  Is éard atá i nDeimhniú Imréiteach Cánach ná deimhniú i scríbhinn ó na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil gnóthaí cánach an duine in ord. B'fhéidir nach

mbeifí in ann an deontas a íoc mura gcuirtear cruthúnas ar chomhlíonadh ceangaltais chánach ar fáil don bhliain lena baineann. Ní ghlacann Comhairle Contae Fhine Gall le haon dliteanas mura féidir íocaíocht a dhéanamh toisc nár comhlíonadh oibleagáidí cánach reachtúla.

IARRATASÓIR: Ní mór don iarratasóir, nó don duine a bhfuil an deontas caomhantais á íoc leis/léi, cóip de Dheimhniú Imréiteach Cánach reatha (i.e. bailí ar a laghad go dtí an 31 Nollaig den bhliain ina bhfuil an íocaíocht á héileamh) a chur isteach. Ní bhaineann sé seo ach le hiarratasóirí i gcás ina gceadaítear €10,000 de dheontas (nó níos mó), áfach. Is féidir Deimhniú Imréiteach Cánach a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim trí Fhoirm TC11 ar líne a chomhlánú (**www.revenue.ie**) nó tríd an bhfoirm a iarraidh trí dhul i dteagmháil leis an gCeantar Ioncaim Áitiúil ábhartha (tá na sonraí teagmhála sna hEolaithe Teileafóin, de ghnáth faoin Eolaí Stáit sa lár). Ní féidir le hoibrithe PAYE ná neamhchónaithigh leas a bhaint as an áis ar líne agus caithfidh siad dul i dteagmháil go díreach lena gCeantar Ioncaim Áitiúil de chuid na Coimisinéirí Ioncaim. Ba chóir d'Eagraíochtaí Carthanúla atá aitheanta ag na Coimisinéirí Ioncaim uimhir "CHY" a sholáthar.

CONRAITHEOIR/AILTIRE: I ngach imthosc, beag beann ar mhéid an deontais atá á lorg, caithfear fianaise a chur isteach go bhfuil cúrsaí cánach an chonraitheora/na gconraitheoirí agus más infheidhme, an ailtire/na n-ailtirí in ord. Éilítear cóip dá nDeimhniú C2/Cárta C2 nó Deimhniú Imréiteach Cánach do gach conraitheoir/ailtire, lena n-áirítear dáta éaga an deimhnithe.

Moltar go mór go mbeadh comhairleoirí gairmiúla ag gabháil do na hoibreacha a dhéantar faoin scéim.

- Ceanglais Reachtúla
  Tabhair do d'aire le do thoil go bhfuil gach speiceas ialtóg faoi chosaint an dlí. B'fhéidir go mbeadh gá le suirbhé ialtóg má tá na hoibreacha beartaithe i láithreacha ina mbíonn ialtóga ag fáireadh nó ag pórú, de leithéid spásanna dín stairiúla, ballaí cloiche nó tithe lasmuigh. Má tá ialtóga ann caithfear ceadúnas a fháil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

  I gcás go bhfuil an déanmhas faoi chosaint reachtaíocht na Séadchomharthaí Náisiúnta freisin (i.e. liostaithe ar Thaifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna, ar a dtugtar RPM) ba chóir é seo a lua agus is féidir go n-éileofar toiliú ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta, Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil do na hoibreacha beartaithe. Más rud é nach eol don iarratasóir an bhfuil an déanmhas liostaithe ar an RPM is féidir dul i dteagmháil leis an Oifigeach Caomhantais le seiceáil agus má tá sé liostaithe ba chóir dul i dteagmháil leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil láithreach le seiceáil an dteastaíonn toiliú le haghaidh na n-oibreacha beartaithe.

  Ba chóir sonraí faoi aon chead pleanála, deimhniú sábháilteachta ó dhóiteán nó ceaduithe reachtúla eile a chur isteach leis an iarratas ar dheontas. Tríd is tríd níor chóir go n-éileofaí cead pleanála le haghaidh oibreacha caomhantais toisc go ndéantar an chreatlach bhunaidh de dhéanmhas cosanta a dheisiú, ní chuireann sé isteach go hábhartha ar shainghné an déanmhais agus déantar é le comhaontú an Oifigigh Chaomhantais. Ach, b'fhéidir go mbeadh athrú suntasach i gceist le

hathruithe ar dhearadh na ngnéithe nó na n-ábhar agus go n-éileoidís cead pleanála. Is féidir leis an Oifigeach Caomhantais comhairle a chur ort maidir leis seo.

8.0 Faomhadh Deontais a Eisiúint

I gcás go bhfuil údarás áitiúil den tuairim go gcomhlíonann iarratas téarmaí agus coinníollacha na scéime déanfaidh sé iniúchadh ar an déanmhas lena mbaineann. Níor chóir go gcuirfí tús le hoibreacha go dtí go mbeidh an t-iniúchadh tosaigh seo déanta ag an Oifigeach Caomhantais. Má tá an tÚdarás sásta tar éis an iniúchta sin go bhfuil na hoibreacha beartaithe incháilithe cuirfidh sé an t-iarratas in ord tosaíochta maidir le hiarratais eile a rinneadh chuige ag féachaint do scéim tosaíochtaí an údaráis.

Nuair a bheidh méid an deontais cinnte eiseofar deimhniú um Fhaomhadh Sealadach. Beidh na hoibreacha beartaithe a mbaineann an Deimhniú leo, méid an deontais a cinneadh, agus na téarmaí agus coinníollacha faoina bhfuil siad á bhfaomhadh luaite ann

Nuair a bheidh Deimhniú um Fhaomhadh Sealadach faighte agus na má tá na ceanglais reachtúla go léir eile comhlíonta féadfaidh an t-iarratasóir na hoibreacha faofa a thosú. Caithfear an Oifig Caomhantais a chur ar an eolas sula gcuirfear tús leis na hoibreacha. Féadfaidh an tOifigeach Caomhantais cuairteanna breise ar an láithreán a iarraidh chun monatóireacht a dhéanamh ar na hoibreacha.

Caithfear an tOifigeach Caomhantais a chur ar an eolas láithreach mura bhfuil na hoibreacha ag dul ar aghaidh nó má tá aon athruithe ar oibreacha, ar chostais, nó ar chonraitheoir etc.

Tabhair do d'aire le do thoil nach mbeidh duine i dteideal oibreacha a dhéanamh de bhíthin amháin go bhfuair siad Deimhniú um Fhaomhadh Sealadach faoin scéim seo. Ní mór na ceanglais reachtúla ar fad a bhaineann leis na hoibreacha beartaithe, lena n-áirítear na cinn a éiríonn faoi na hAchtanna Pleanála, na hAchtanna um Rialú Foirgníochta agus Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, a chomhlíonadh ar an ngnáthbhealach.

9.0 Deontas a Éileamh ar Oibreacha a Chríochnú

Ar oibreacha a bheith curtha i gcrích, féadfaidh an t-iarratasóir íocaíocht an deontais a éileamh tríd an dearbhú atá sa Deimhniú um Fhaomhadh Sealadach a shíniú agus é a chur ar ais, i dteannta na gcáipéisí cuí, de leithéid sonraisc deiridh.

Tar éis éileamh ar íocaíocht a fháil cuirfear iniúchadh ar an bhfoirgneamh lena mbaineann i gcrích de réir an Deimhnithe um Fhaomhadh Sealadach. Más deimhin leis maidir leis seo íocfar an deontas.

Féadfar méid an deontais a leasú murab ionann costas iarbhír na n-oibreacha agus na costais mheasta tosaigh.

Ba chóir éilimh a chur isteach tráth nach déanaí ná tús mhí na Samhna den bhliain deontais reatha ionas gur féidir na hoibreacha críochnaithe a mheasúnú agus íocaíocht a eisiúint roimh dheireadh na bliana.

Tabhair do d'aire le do thoil go ndéanfar eolas a chuirtear ar fáil san fhoirm seo a chros-seiceáil leis an eolas atá á choinneáil ag gníomhaireachtaí stáit eile (An Chomhairle Oidhreachta agus An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil) chun incháilitheacht le haghaidh an deontais seo a fhíorú.